Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021
(OR. en, pl)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0050(COD)**

14317/21
ADD 1

SOC 687
EMPL 517
GENDER 122
ANTIDISCRIM 104
CODEC 1536
IA 187

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle (EPSCO) |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6750/21 - COM(2021) 93 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus trí shásraí forfheidhmiúcháin<br>- Cur chuige ginearálta<br>- Ráiteas ón bPolainn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo ráiteas ón bPolainn maidir leis an Treoir thuas luaite.

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN
MAIDIR LEIS AN TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE CHUN CUR I bhFEIDHM PHRIONSABAL AN PHÁ CHOMHIONAINN AS OBAIR CHOMHIONANN NÓ OBAIR AR COMHIONANN A LUACH IDIR FIR AGUS MNÁ A NEARTÚ TRÍ SHÁSRAÍ TRÉDHEARCACHTA PÁ AGUS TRÍ SHÁSRAÍ FORFHEIDHMIÚCHÁIN**

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, léirmhíneoidh an Pholainn an cor cainte 'comhionannas inscne' mar chomhionannas idir mná agus fir, de réir Airteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 8 agus 157, mír 3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus cuirfidh siad 'an bhearna phá idir mná agus fir' ar 'an bhearna phá idir na hinscní'. I ndáil leis an méid thuas, aon chora cainte eile ina bhfuil an téarma 'inscne', léirmhíneoidh an Pholainn an téarma sin mar 'gnéas', de réir Airteagal 10, Airteagal 19, mír 1 agus Airteagal 157, míreanna 2 agus 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

.